An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Márta 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 4/23**

**CO EUR 3**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Márta 2023)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres.*

*

* *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal ‘Prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe mar bhonn do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin’, arna ghlacadh le tacaíocht fhorleathan ón gcomhphobal idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le Foirmle Shíochána an Uachtaráin Zelenskyy. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair leis an Úcráin ar an bplean síochána 10 bpointe.

3. Ní mór don Rúis stop a chur lena fogha agus a fórsaí míleata agus a gcuid fórsaí gaolmhara a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll, ó chríoch iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Ní mór an dlí daonnúil idirnáisiúnta, an chaoi a gcaitear le príosúnaigh chogaidh san áireamh, a urramú. Cáineann an Chomhairle Eorpach agus cáineann sí go láidir an foréigean gnéasach agus an foréigean inscnebhunaithe. Ní mór don Rúis a áirithiú láithreach go mbeidh muintir na hÚcráine a aistríodh nó a díbríodh go héigeantach chun na Rúise, in ann filleadh go sábháilte, go háirithe na leanaí. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na barántais ghabhála a d’eisigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le déanaí, i gcoinne Uachtarán na Rúise agus a Choimisinéara um Chearta Leanaí, as an gcoir chogaidh leanaí Úcránacha a dhíbirt agus a aistriú go neamhdhleathach ó limistéir fhorghafa na hÚcráine go dtí an Rúis.

4. Ní mór don Rúis stop a chur láithreach le gach gníomh a chuireann sábháilteacht agus slándáil saoráidí núicléacha sibhialta san Úcráin i mbaol. Tacaíonn an tAontas Eorpach go hiomlán le hobair na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach.

5. Tá an tAontas Eorpach lántiomanta go ndéanfar cuntasacht iomlán a áirithiú i leith coireanna cogaidh agus i leith na gcoireanna eile is tromchúisí a rinneadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear trí shásra iomchuí a bhunú chun coir an fhogha a ionchúiseamh, ar ábhar é a bhaineann leis an gcomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú go ndéanfar Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA) a bhunú sa Háig, lárionad nua a mbeidh nasc aige leis an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú atá ann cheana dá dtugann Eurojust tacaíocht. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis na himscrúduithe atá á ndéanamh ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an chaibidlíocht atá le déanamh faoi choinbhinsiún nua maidir le comhar idirnáisiúnta chun cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus coireanna idirnáisiúnta eile a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

6. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí an brú comhchoiteann a choinneáil ar an Rúis agus é a mhéadú, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí bhearta sriantacha breise a thabhairt isteach, agus leanúint den obair ar an gcaidhp phraghais ar ola i gcomhar lena chomhpháirtithe. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí agus a phráinní atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí lena áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí chun feidhme ar bhealach éifeachtach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus tá sí lántiomanta aon teacht timpeall a dhéanfadh tríú tíortha nó a dhéanfaí i dtríú tíortha a ghleic agus a chur ó rath ar bhealach éifeachtach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na hionstraimí forfheidhmithe riachtanacha uile a neartú agus cur chuige lán-chomhordaithe a fhorbairt chuige sin i gcomhar leis na Ballstáit. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús leis an obair atá ar bun aige lena chomhpháirtithe chun cur i gcoinne bhréaginsintí agus bhréagaisnéis na Rúise i dtaobh an chogaidh.

7. Seasann an tAontas Eorpach go daingean agus go hiomlán leis an Úcráin agus leanfaidh sé de thacaíocht láidir pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, airgeadais agus dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit ag cur lena n-iarrachtaí freastal ar riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta na hÚcráine. Agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le harmlón talamh go talamh agus airtléire agus, má iarrtar iad, diúracáin, a sheachadadh go práinneach chuig an Úcráin, lena n-áirítear trí sholáthar comhpháirteach agus trí tharraingt as an gcistiú iomchuí, lena n-áirítear an tSaoráid Eorpach Síochána, agus é mar aidhm milliún urchar armlóin airtléire a chur ar fáil mar iarracht chomhpháirteach laistigh den 12 mhí romhainn, gan dochar do chineál sonrach an bheartais slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe.

8. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas go hiomlán leis an moladh go ndéanfaí sásra idirnáisiúnta a bhunú chun an damáiste atá déanta ag an Rúis a chlárú. I gcomhar lena chomhpháirtithe, leanfaidh an tAontas Eorpach de dhlús a chur lena chuid oibre chun sócmhainní reoite agus díluailithe na Rúise a úsáid chun an Úcráin a atógáil agus chun cúiteamh a thabhairt di, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach tiomantas na hÚcráine agus na hiarrachtaí athchóirithe atá déanta aici, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá próiseas aontachais na hÚcráine leis an Aontas, i gcomhréir leis na conclúidí uaithi roimhe seo, go háirithe conclúidí an 23-24 Meitheamh 2022.

10. Leanfaidh an tAontas Eorpach den tacaíocht ábhartha uile a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive, lena n-áirítear tacaíocht chun athléimneacht, slándáil, cobhsaíocht, geilleagar agus soláthar fuinnimh na tíre a neartú i bhfianaise na ngníomhaíochtaí díchobhsaitheacha atá á ndéanamh ag gníomhaithe seachtracha, chomh maith le tacaíocht a thabhairt di agus í ar a conair aontachais leis an Aontas Eorpach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún pacáiste tacaíochta a thíolacadh roimh an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

11. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag an Iaráin agus ag an mBealarúis do chogadh foghach na Rúise. Áitíonn sí ar gach tír gan tacaíocht ábharach ná eile a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise.

12. Le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus leis an úsáid atá á baint ag an Rúis as bia mar uirlis troda, tá dochar déanta do shlándáil bia ar fud an domhain. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuiltear tar éis síneadh a chur le tionscnamh na Náisiún Aontaithe 'Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe'. Tá ról lárnach ag an tionscnamh sin, agus ag Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus ag tionscnamh na hÚcráine 'Gráin ón Úcráin' ó thaobh an tslándáil bia ar fud an domhain a neartú. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go leanfadh táirgí talmhaíochta inacmhainne de bheith ar fáil do na tíortha is mó atá i ngátar.

## II. <u>IOMAÍOCHAS, AN MARGADH AONAIR AGUS AN GEILLEAGAR</u>

13. I bhfianaise dúshláin atá ag dul i gcastacht (an t-athrú aeráide, an staid gheopholaitiúil, praghsanna fuinnimh, suaitheadh tar éis suaite sa slabhra soláthair, treochtaí déimeagrafacha, ganntanais lucht saothair, an bhearna fáis agus nuála), tá geilleagar láidir, geilleagar a bheidh slán i bhfad na haimsire, á thógáil ag an Aontas Eorpach lena mbeifear in ann an rathúnas fadtéarmach a chinntiú. Chuige sin, teastaíonn cur chuige comhtháite i ngach aon réimse beartais chun táirgiúlacht agus fás a mhéadú ar fud bhonn eacnamaíoch iomlán na mór-roinne seo againne, cur chuige a mbeidh Margadh Aonair níos doimhne agus beartais níos láidre tionsclaíochta, talmhaíochta agus trádála ina gcuid de.

Áiritheoidh an tAontas a chuid iomaíochais trína athléimneacht agus a tháirgiúlacht a neartú, maoiniú a éascú, agus é mar aidhm fuinneamh inacmhainne a sholáthar, a spleáchais straitéiseacha a laghdú, infheistíocht a dhéanamh i scileanna na todhchaí agus a bhonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch a chur in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus é sin gan aon duine a fhágáil ar lár.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair ar na gnéithe sin ar fad, agus tuairisciú maidir leis an dul chun cinn roimh an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2023. Thairis sin, iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a mheas ar bhonn bliantúil, bunaithe ar ionchur ón gCoimisiún, lena n-áirítear eochairtháscairí feidhmíochta.

***An Margadh Aonair agus an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht san fhadtéarma***

14. Tá an Margadh Aonair mar bhonn agus mar thaca ag rathúnas na hEorpa agus tá feabhas curtha aige ar shaol na saoránach ó bunaíodh é 30 bliain ó shin. Is cuid lárnach de gheilleagar margaidh sóisialta fíor-iomaíoch í gné shóisialta an Mhargaidh Aonair. Le linn na tréimhse sin, tá méadú suntasach tagtha ar an trádáil idir na Ballstáit a bhuí leis an Margadh Aonair agus é mar phreabchlár ag gnólachtaí Eorpacha atá ag féachaint le dul isteach sna margaí domhanda. Anuas ar an méid suntasach a chuireann sé leis an bhfás agus leis an iomaíochas, fágann an Margadh Aonair chomh maith gur féidir le saoránaigh na hEorpa leas a bhaint as ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil agus as cosaint láidir do thomhaltóirí, rud a fhágann go bhfuil an Eoraip ina ceannródaí ó thaobh na gcaighdeán domhanda.

15. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an mbéim atá á cur in athuair ar rialacha reatha an Mhargaidh Aonair a fhorfheidhmiú agus ar bhacainní a bhaint, mar a mholtar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *The Single Market at 30* [30 bliain den Mhargadh Aonair]. Is den ríthábhacht go mbeadh Margadh Aonair dea-fheidhmiúil againn le go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, le go mbeidh fás ann amach anseo agus ar mhaithe lenár gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ngníomhófaí go huaillmhianach chun an Margadh Aonair a thabhairt chun críche, go háirithe ó thaobh cúrsaí digiteacha agus seirbhísí, agus go dtabharfaí aghaidh ar na leochaileachtaí a nochtadh le linn na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí, agus an cothrom iomaíochta a áirithiú, ní hamháin go hinmheánach ach ar fud an domhain freisin. Ba cheart béim ar leith a leagan ar FBManna.

16. Ag tógáil ar an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Long-term competitiveness of the EU - looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais - níos faide ar aghaidh ná 2030], iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí an obair chun cinn sna réimsí seo a leanas:

    a) timpeallacht rialála lena gcuideofar leis an bhfás

    – an timpeallacht rialála ghinearálta a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe, seiceálacha iomaíochais a dhéanamh ar thograí reachtacha nua agus ráta glactha na réiteach digiteach a mhéadú (mar shampla ríomh-shainaithint agus sonraí meaisín-inléite agus caighdeánaithe). Ba cheart na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, go háirithe i ngach gné de reachtaíocht ghlas, dhigiteach agus eacnamaíoch an Aontais;

– rialacha an Mhargaidh Aonair a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach chun cóineasú rialála a áirithiú i ngach earnáil, lena n-áirítear sna seirbhísí;

– dlús a chur le hiarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun na bacainní ar an ngnó trasteorann a laghdú agus an obair i ndáil le rochtain ar chógais leighis ar fud na mBallstát a thabhairt chun cinn agus dreasachtaí d'infheistíochtaí sa nuáil á neartú ag an am céanna.

b) Infheistíocht

– Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú, deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar an maoiniú trasteorann, an caipiteal príobháideach a ghníomhachtú don infheistíocht agus an rochtain ar an gcaipiteal sin a dhéanamh níos éasca, go háirithe le haghaidh FBManna. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle bailchríoch a chur ar an obair ar na tograí reachtacha sa réimse sin roimh dheireadh an timthrialla reachtaigh seo;

– a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an gcistiú atá ar fáil agus as na hionstraimí airgeadais atá ann cheana agus úsáid níos solúbtha a bhaint astu, chun tacaíocht thráthúil spriocdhírithe a chur ar fáil in earnálacha straitéiseacha gan cur isteach ar chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur thug sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a mholadh go mbunófar Ciste Eorpach Ceannasachta roimh shamhradh 2023 chun tacú leis an infheistíocht in earnálacha straitéiseacha;

– éiceachórais ríthábhachtacha a neartú chun slabhraí soláthair slána, cobhsaí agus inbhuanaithe a áirithiú don dá aistriú;

– nascacht laistigh den Mhargadh Aonair a fheabhsú do na Ballstáit uile, lena n-áirítear trí bhonneagar agus idirnaisc a fhorbairt agus a uasghrádú le haghaidh iompair agus fuinnimh, agus eangacha san áireamh.

c) Taighde agus nuáil

– an nuáil a dhreasú, ag díriú ar réimsí ina bhfuil acmhainneacht ard fáis;

– infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt a mhéadú chun go mbainfí amach an sprioc 3 % de OTI a bheith á dhíriú ar chaiteachas poiblí agus príobháideach;

– é a dhéanamh níos fusa táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur ar an margadh, lena n-áirítear trí bhoscaí gainimh rialála a úsáid.

d) Digiteáil

– scód a ligean le luach na sonraí san Eoraip agus an príobháideachas agus an tslándáil á n-áirithiú ag an am céanna, agus leas a bhaint as réitigh an gheilleagair fíor-ama;

– ráta glactha na n-uirlisí digiteacha ar fud an gheilleagair a chothú agus tacaíocht a mhéadú do ghnólachtaí agus do riaracháin san Aontas Eorpach le go bhfanfaidh siad ar thús cadhnaíochta san Intleacht Shaorga, sa ríomhaireacht chandamach, sa mhicrileictreonaic, sa séú glúin, i gceathrú glúin an ghréasáin, agus sa chibearshlándáil.

e) Scileanna

– scileanna a fhorbairt agus na scileanna sin a mheaitseáil le poist tharraingteacha ardcháilíochta, rannpháirtíocht na mban agus na ndaoine óga a mhéadú, agus gairmoideachas agus gairmoiliúint a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an ghanntanais lucht saothair agus chlaochlú na bpost, lena n-áirítear i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach.

f) Ciorclaíocht

– an t-aistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí a chothú chun feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht, costais ionchuir a laghdú do thionscail an Aontais agus na spleáchais ar phríomhábhair a laghdú, lena n-áirítear trí dheiseanna an bhithgheilleagair a thapú.

***Beartas tionsclaíoch***

17. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na réimsí éagsúla gníomhaíochta. Iarrann sí go dtabharfaí an obair ar na tograí le haghaidh Gníomh um Thionscal Glan-nialasach agus Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla ar aghaidh agus tugann sí dá haire an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta státchabhrach.

***Beartas trádála***

18. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le gnéithe geopholaitiúla na trádála agus leag sí béim ar an méid a chuireann an beartas trádála le hiomaíochas an Aontais.

***Comhordú an bheartais eacnamaíoch***

19. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

   – conclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch;

   – na tosaíochtaí beartais a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, agus iarrann sí ar na Ballstáit iad a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú;

   – an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

## III. <u>FUINNEAMH</u>

20. Mheas an Chomhairle Eorpach an ghníomhaíocht a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na praghsanna arda fuinnimh, chun an t-éileamh ar ghás a laghdú, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise.

21. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí fuinnimh san Aontas Eorpach, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an ullmhacht agus an phleanáil theagmhasach a áirithiú le haghaidh na chéad séasúir eile líonta stórtha gáis agus téimh. Sa chomhthéacs sin, tathantaíonn sí ar na páirtí leasmhara uile lánúsáid a bhaint as an sásra ceannaigh chomhpháirtigh 'AggregateEU' trí Ardán Fuinnimh an Aontais chun feabhas breise a chur ar shlándáil an tsoláthair gáis ar phraghsanna inacmhainne. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bailchríoch a chur go pras ar an measúnú ar na bearta éigeandála a glacadh in 2022 agus, i gcás inar gá, a mholadh go gcuirfí síneadh lena gcur i bhfeidhm.

22. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú pras maidir leis na tograí ábhartha uile chun dlús a chur leis an aistriú glas, agus an obair a thabhairt ar aghaidh gan mhoill maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar eagrú mhargadh inmheánach leictreachais an Aontais d'fhonn go nglacfar é faoi dheireadh 2023.

## IV. <u>MÍREANNA EILE</u>

***Imirce***

23. Chuir Uachtaránacht na Comhairle agus an Coimisiún an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme chonclúidí an 9 Feabhra 2023 uaithi maidir leis an imirce. Ag meabhrú di gur dúshlán Eorpach í an imirce dá dteastaíonn freagairt Eorpach, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí na míreanna uile a comhaontaíodh chun feidhme go pras. Athbhreithneoidh sí an cur chun feidhme sin i mí an Mheithimh.

***Caidreamh Seachtrach***

24. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach toradh Chomhdháil na nDeontóirí chun tacú le muintir na Tuirce agus na Siria tar éis an chreatha talún thubaistigh a tharla an 6 Feabhra 2023, agus iarrann sí go n-eisíocfaí go tapa éifeachtach an cúnamh atá geallta.

25. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Comhaontú maidir leis an gconair do normalú an chaidrimh idir an Chosaiv* agus an tSeirbia, agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, ar thángthas air san idirphlé arna éascú ag an Aontas faoi stiúir an Ardionadaí, mar chuid lárnach dá gconairí Eorpacha faoi seach, agus iarrann sí ar an dá pháirtí a n-oibleagáidí faoi seach a chur chun feidhme go hiomchuí agus de mheon macánta.

26. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na téarmaí príosúnachta fada gan údar atá á ngearradh ar ionadaithe iomráiteacha ó fhreasúra daonlathach na Bealarúise. Iarrann sí ar údaráis na Bealarúise cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a urramú, deireadh a chur leis an gcos ar bolg, príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor agus meas a bheith acu ar mhionlaigh.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le Creat Windsor agus is fada léi go gcuirfí chun feidhme, go pras agus de mheon macánta, na réitigh uile a comhaontaíodh.

*

*    *

*Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach Comhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe agus an Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce. Aithníonn sí an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda maidir le huisce agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige straitéiseach ag an Aontas i leith na slándála uisce.*

---

* *Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.*